Imlitir 0013/2013

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

DO NA BOIRD BHAINISTÍOCHTA, DO NA PHRÍOMHOIDÍ AGUS DON FHOIREANN MHÚINTEOIREACHTA I mBUNSCOILEANNA

# Socruithe foirne i mBunscoileanna don scoilbhliain 2013/2014

## Réamhrá

Is é is cuspóir don imlitir seo ná an lucht bainistíochta agus an fhoireann i ngach bunscoil a chur ar an eolas faoi na socruithe foirne do bhunscoileanna don scoilbhliain 2013/2014.

Tá leithdháileadh post múinteoireachta do scoileanna ag brath ar na socruithe ath-imlonnaithe atá i bhfeidhm don scoilbhliain 2013/14 a bheith comhlíonta ag scoileanna.

Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird gur príomhghné de Chlár Tacaíochta AE/IMF agus de straitéis bhuiséadach fhoriomlán na hÉireann é riachtanas párolla na hearnála poiblí a laghdú. Is é an cás i gcónaí é gurb é ath-imlonnú múinteoirí buana nó múinteoirí a bhfuil CID acu (múinteoirí ar chonradh le tréimhse éiginnte) an mheicníocht atá in úsáid chun poist mhúinteoireachta a líonadh. Ní thabharfar cead do Bhoird Bhainistíochta tús a chur le próiseas earcaíochta chun folúntas múinteoireachta a líonadh go dtí go mbíonn an Roinn sásta nach dteastaíonn aon phost gan líonadh d’ath-imlonnú aon duine de na múinteoirí buana breise nó múinteoirí a bhfuil CID acu atá fágtha.

Seo a leanas na príomhphointí nach mór aird a thabhairt orthu:

- Tá nuashonrú déanta ar an leithdháileadh GAM/EAL do gach bunscoil ar ina leith a tháinig athrú ar an líon post ranga sa scoilbhliain 2012/13. Tá léiriú le fáil air sin in **Aguisín C**. Ní mór athchnuas-socrú na n-uaireanta a éireoidh as sin a chur i gcrích faoin Aoine, an 15 Márta 2013.

- Níl aon athrú ar fhormhór mór na scoileanna bunáite do phoist Acmhainne. Tá siad sin liostaithe in **Aguisín C**.

- Ní mór próiseas ath-imlonnaithe múinteoirí buana breise/múinteoirí CID a chur i gcrích faoin Aoine, an 31 Bealtaine, 2013, agus is iad na scoileanna a bheidh i gceannas ar an bpróiseas sin.
  Déanfar oifigigh phainéil a cheapadh tar éis an dáta sin. Cuirfear tús le próiseas na n-oifigeach painéil sa scoil lena ngabhann an phátrúnacht chéanna agus arb í an scoil í is gaire don scoil ina bhfuil an múinteoir breise.

## Ábhar na hImlitreach:

Is é seo a leanas struchtúr na himlitreach seo agus tá an t-eolas seo a leanas inti:

Cuid 1: Léargas ginearálta ar shocruithe foirne don scoilbhliain 2013/14.

Cuid 2: Feabhsuithe ar oibriú an Phróisis Ath-Imlonnaithe ar an Leibhéal Bunscoile.

Cuid 3: Mionsonraí cúlra faoi na socruithe foirne don scoilbhliain 2013/14.

Cuid 4: An Bord Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal

**Aguisín A**: Táblaí sceidil do Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal don scoilbhliain 2013/14

**Aguisín B**: Tairseacha rollaithe do phoist Phríomhoidí Riaracháin agus Leas-Phríomhoidí Riaracháin

**Aguisín C**: Liosta nuashonraithe de na scoileanna go léir a léiríonn na sonraí leithdháilte seo a leanas don scoilbhliain 2013/14

- Leithdháileadh GAM/EAL do gach scoil
- Leithdháileadh buan do scoileanna a bhfuil líon mór daltaí acu a dteastaíonn tacaíocht teanga uathu
- Liosta de bheagnach 1,700 scoil bhunáite do phoist acmhainne bhuana lánaimseartha

**Aguisín D**: Foirm GAcnuasaithe2013 – Fógra faoi phoist GAM/EAL nuachnuasaithe don scoilbhliain 2013/14

**Aguisín E**: Foirm iarratais le rochtain a fháil ar an bPríomhphainéal Ath-Imlonnaithe do mhúinteoirí buana breise

**Aguisín F**: Foirm iarratais le hachomhairc a dhéanamh ar an mBord Achomhairc um Sholáthar Foirne

**Tuilleadh eolais /FAQanna (Ceisteanna a chuirtear go minic)**

Déanfar aon eolas breise ar phróiseas leithdháilte múinteoirí agus, ina theannta sin, nuashonrú ar dhul chun cinn ar ghlanadh na bpainéal ath-imlonnaithe, a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Roinne. Déanfaidh an Roinn liosta **Ceisteanna a Chuirtear go Minic (FAQanna)** ar fheidhmiú an phróisis ath-imlonnaithe agus leithdháilte múinteoirí, mar aon le nuashonrú ina leith sin de réir mar is cuí, a fhoilsiú freisin.

**Fiafraithe**

Más rud é, tar éis an imlitir seo a léamh, go bhfuil fiafraithe agat i ndáil leis an leithdháileadh foirne do do scoil féin, féadfaidh tú na fiafraithe a chur le ríomhphost chuig primaryallocations@education.gov.ie. Tabhair uimhir rolla na scoile in aon fhiosrúchán ríomhphoist.

Hubert Loftus
Príomhoifigeach

Rannóg na Leithdháiltí Múinteoirí

Feabhra 2013

**Dátaí ríthábhachtacha do scoileanna maidir leis an bpróiseas ath-imlonnaithe agus leithdháilte múinteoirí**

| Gníomh ríthábhachtach | An dáta don ghníomh a bheith curtha i gcrích |
|---|---|
| Cuireann na táblaí rollaithe don sceideal soláthair foirne in Aguisín A ar chumas scoileanna a leibhéil soláthair foirne príomhshrutha don scoilbhliain 2013/14 a sheiceáil.<br>Cuireann na tairseacha rollaithe in Aguisín B ar chumas scoileanna a dteidlíocht i leith stádas Príomhoide Riaracháin agus/nó Leas-Phríomhoide Riaracháin a sheiceáil. | Láithreach |
| Caithfidh scoileanna a n-oibreoir painéil iomchuí (e.g. Rúnaí na Deoise etc.) a chur ar an eolas faoi aon fholúntas buan agus ar théarma seasta a bheidh ann go luath ag éirí as a) an sceideal soláthair foirne nó b) fáth ar bith eile atá ar eolas ag an tráth seo i.e. dul ar scor, etc.<br>Ní mór folúntais bhuana agus ar théarma seasta ina dhiaidh sin a chur in iúl laistigh de 5 lá oibre ón uair ar eol don Chathaoirleach nó don Phríomhoide an folúntas a bheith ann. | Láithreach |
| Tá nuashonrú déanta in Aguisín C ar an leithdháileadh GAM/EAL do gach scoil ar ina leith a tháinig athrú ar an líon post ranga sa scoilbhliain 2012/13. Tá tionchar aige sin ar chuid de na cnuas-socruithe atá ann cheana féin. Tá sé de cheangal ar scoileanna den sórt sin anois socruithe cuí a dhéanamh chun a n-uaireanta GAM/EAL a athchnuasú mar phoist lánaimseartha (25 huaire an chloig) le scoileanna in aice láimhe. | Láithreach |
| Ní mór do scoileanna bunáite fógra faoi na cnuas-socruithe nua d'uaireanta GAM/EAL a thabhairt don Roinn ar an bhFoirm GAcnuasaithe 2013 (Aguisín D). | Dé hAoine, an 15 Márta, 2013 |
| Ba chóir do scoileanna a bhfuil múinteoirí buana breise/múinteoirí CID acu a shocrú go gcuirfí Foirm(eacha) Iarratais ar an bPainéal Ath-Imlonnaithe chomhlánaithe in Aguisín E ar ais go dtí an Roinn. | Dé hAoine, an 15 Márta, 2013 |
| Tionólfaidh an Bord Achomhairc um Sholáthar Foirne cruinnithe i Márta, i Mheitheamh agus i nDeireadh Fómhair. Is é an 15 Márta 2013 an dáta deiridh chun foirmeacha achomhairc comhlánaithe a thíolacadh don chruinniú i Márta. | Dé hAoine, an 15 Márta, 2013 |
| Tá sé mar aidhm ag an Roinn go bhfoilseofar na painéil ath-imlonnaithe faoi lár mhí Aibreáin. | Lár mhí Aibreáin 2013 |
| Ba chóir do scoileanna atá ag cur isteach ar phoist fhorbraíochta ar bhonn líon a rollaithe réamh-mheasta do Mheán Fómhair 2013 é sin a dhéanamh ar an Aoine, an 3 Bealtaine 2013, nó roimhe. | Dé hAoine an 3 Bealtaine, 2013 |
| Ní mór do scoileanna a bhfuil folúntais acu a gcuid folúntas a líonadh ó na Painéil Ath-Imlonnaithe faoin 31 Bealtaine 2013. Dá éis sin, ceapfar Oifigigh Phainéil chun ath-imlonnú múinteoirí buana breise/múinteoirí CID a éascú. | Dé hAoine, an 31 Bealtaine, 2013 |
| Tá scoileanna ag a bhfuil poist acmhainne bunáite acu liostaithe in Aguisín C. Ba cheart go ndéanfaí leithdháiltí atá ceadaithe ag NCSE a eisiúint i mBealtaine/Meitheamh 2013. Leithdháilfear uaireanta acmhainne páirtaimseartha sealadacha den chuid is mó ar scoileanna nach bhfuil ar a gcumas rochtain a fháil ar acmhainneacht mhúinteoireachta bhreise sna poist lánaimseartha bunáite sin. | Ó Bhealtaine/ Mheitheamh 2013 ar aghaidh |

# Cuid 1

# Léargas ginearálta ar shocruithe foirne don scoilbhliain 2013/14

Seo a leanas léargas ginearálta ar na príomhghnéithe de na socruithe foirne a fheidhmeoidh i mbunscoileanna don scoilbhliain 2013/14:

## 1. Poist Mhúinteoireachta Ranga Príomhshrutha

Tá na táblaí rollaithe d'fheidhmiú an sceidil soláthair foirne don scoilbhliain 2013/14 liostaithe in **Aguisín A** den Imlitir seo. Cuireann sé seo ar chumas scoileanna seiceáil a dhéanamh anois **ar a leibhéil foirne príomhshrutha don scoilbhliain 2013/14**.

Maidir leis an dara céim de bheart Bhuiséad 2012 i ndáil leis an tairseach daltaí a ghabhann le leithdháileadh múinteoirí ranga i mbunscoileanna beaga, cuirtear i bhfeidhm í in Aguisín A don scoilbhliain 2013/14.

Maidir leis na táblaí rollaithe in Aguisín A, áirítear iontu na **sceidil soláthair foirne do scoileanna DEIS Bhanda Uirbeach 1**.

Tá poist a leithdháiltear ar bhonn an sceidil soláthair foirne ceaptha go sonrach do ranganna príomhshrutha agus ba chóir iad a ath-imlonnú dá réir. Iarrtar ar údaráis scoile a chinntiú go gcoinnítear líon na ndaltaí i rang ar bith chomh híseal agus is féidir, agus na toscaí comhthéacsúla ábhartha go léir á gcur san áireamh (e.g. cóiríocht ranga, rollú athraitheach etc.). Ach ba chóir d'údaráis scoile, nuair is féidir, leas a bhaint as a bhféinriail faoin sceideal soláthair foirne chun méideanna ranga níos lú a fheidhmiú do ranganna sóisearacha.

## 2. Príomhoide Riaracháin agus Leas-Phríomhoide Riaracháin

Beidh na critéir do cheapacháin chuig poist mar **Phríomhoidí Riaracháin** agus **Leas-Phríomhoidí Riaracháin** bunaithe ar an líon daltaí.
Tá na tairseacha iomchuí maidir le rollú leagtha amach in **Aguisín B** den Imlitir seo.

## 3. Critéir do Scoil atá i mBéal Forbartha don Scoilbhliain 2013/14

**3.1** Sainmhínítear scoil i mbéal forbartha mar scoil a réamh-mheasfar ina leith go rachaidh an rollú ar 30 Meán Fómhair 2013 thar an rollú ar 30 Meán Fómhair, 2012, de réir mar a leanas:

i) méadú uimhriúil íosta

agus

ii) 5 dhalta sa bhreis mar choinníoll a bheith acu thar an líon riachtanach do cheapachán

I gcás ina bhfuil leathnú á dhéanamh ag scoil ar an líon ranganna iontógála rud a ghinfeadh sruth nua, ní mór don scoil ceadú roimh ré a bheith faighte aici don leathnú sin ó phátrún na scoile agus ó Aonad Pleanála agus Tógála na Roinne.

Do bhunscoileanna ag a bhfuil Príomhoide móide 7 Múinteoir Ranga Príomhshrutha nó níos mó acu mar fhoireann, is é atá sa mhéadú uimhriúil íosta dá dtagraítear in i) thuas ná 25 dalta.

Do bhunscoileanna ag a bhfuil Príomhoide móide 6 Múinteoir Ranga Príomhshrutha nó níos lú acu mar fhoireann, is é atá sa mhéadú uimhriúil íosta dá dtagraítear in i) thuas ná 15 dalta. Ní mór meánmhéid ranga sa bhreis ar 28 dalta a bheith i bhfeidhm i scoileanna a lorgaíonn post faoin gcritéar seo (féach eisceachtaí ag 3.2 thíos). Déantar é seo a ríomh trí líon na bpost príomhshrutha a bhfuil coinne leo don scoilbhliain 2013/14 (gan post forbraíochta a áireamh) a chur i bhfeidhm ar líon na ndaltaí réamh-mheasta don rollú i Meán Fómhair 2013. Ní mór do scoileanna cáiliú faoin dá chritéar ag i) & ii) thuas agus i gcás scoileanna dá leithéid d'fhéadfaí go gceadófaí post buan breise (poist bhuana bhreise) go sealadach go dtí go ndéanfaí an rollú bailí ar an 30 Meán Fómhair, 2013, a dhearbhú. Déanfar an soláthar foirne a choigeartú i bhfianaise na rolluithe bailí iarbhír ar an 30 Meán Fómhair, 2013.

**3.2** Tá dhá eisceacht ann:

a) <u>Scoil a lorgaíonn ceapadh an dara múinteoir ranga príomhshrutha (P+2)</u>
I gcásanna dá leithéid, ní cheanglaítear ar scoileanna a réamh-mheasann méadú uimhriúil íosta 15 dalta ar an 30 Meán Fómhair 2013 thar rollú an 30 Meán Fómhair 2012 an líon 5 dhalta sa bhreis mar choinníoll thar an líon riachtanach do cheapachán nó an meánmhéid ranga sonraithe a bhaint amach. Caithfear an t-íosrollú réamh-mheasta 54 dalta a bhaint amach, mar sin féin, leis an dara múinteoir ranga príomhshrutha a fháil don scoilbhliain 2013/14.

b) <u>Scoileanna a lorgaíonn ceapacháin chuig níos mó ná post amháin scoile forbraíochta.</u>
I gcásanna dá leithéid, ní mór do scoileanna ceanglas an mhéadaithe uimhriúil íosta agus an líon sonraithe 5 dhalta sa bhreis ar an líon ceapachán don chéad phost scoile forbraíochta a chomhlíonadh. I gcás gach poist a lorgaítear ina dhiaidh sin mí mór an líon sonraithe 5 dhalta sa bhreis ar an bhfigiúr ceapacháin a chomhlíonadh.

**3.3** Ba chóir do scoileanna a n-iarratais ar phost múinteoireachta breise nó ar phoist mhúinteoireachta bhreise ar chúinsí forbraíochta a chur ar aghaidh chuig an Rannóg Leithdháilte Bunscoile **<u>an Aoine, 3 Bealtaine 2013, nó roimhe</u>**. Cé go ndéanfar iarratais níos deireanaí a bhreithniú freisin, moltar do scoileanna a chinntiú go bhfaightear a n-iarratais sa Roinn an 3 Bealtaine 2013, nó roimhe.

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna go bhfuil sé an-tábhachtach, i gcomhthéacs acmhainní breise a lorg ón Roinn ar bhonn scoile atá i mbéal forbartha, <u>go mbeadh an rollú réamh-mheasta réadúil</u>.

## 4. GAM/EAL (Samhail Leithdháilte Ghinearálta agus Tacaíocht Teanga)

Tá nuashonrú déanta ar an leithdháileadh GAM/EAL don scoilbhliain 2013/14 chun léiriú a dhéanamh ar na hathruithe ar an líon post ranga i scoileanna sa scoilbhliain 2012/13. Tá an leithdháileadh GAM/EAL do gach scoil liostaithe in **Aguisín C** (Colún A agus Colún B).

I gcás athrú a bheith tagtha ar na huaireanta GAM/EAL d'aon cheann de na scoileanna atá bainteach le cnuasach, meastar go bhfuiltear tar éis scor den chnuasach láithreach agus tá léiriú ar an staid sin in Aguisín C (Colún D).

I gcás nach bhfuil aon athrú tagtha ar an leithdháileadh GAM/EAL d'aon cheann de na scoileanna atá bainteach le cnuasach láithreach, tiomsaíodh Aguisín C (Colún C) á ghlacadh leis go bhfuil an cnuasach i bhfeidhm fós.

Más rud é, maidir le cinneadh ann a rinneadh go háitiúil le comhaontú na scoileanna go léir atá bainteach i gcnuasach, gur cinneadh é chun deireadh a chur le cnuas-socrú, ní mór an cnuas-socrú malartach a chur in iúl don Roinn láithreach agus, in aon chor, tráth nach déanaí ná an 6 Márta, 2013.

Maidir le scoileanna a bhfuil uaireanta acu atá ar fáil le haghaidh cnuasaithe, tá deis acu anois, go dtí **an 15 Márta, 2013**, cnuas-socrú a dhéanamh chun post lánaimseartha a bhaint amach (25 huaire an chloig) trí shocruithe comhroinnte le scoileanna eile in aice láimhe.

**Tar éis próiseas cnuasaithe uaireanta GAM/EAL a chur i gcrích faoi cheannas scoileanna, cuirfear tús, más cuí, le próiseas cnuasaithe faoi cheannas na Roinne tar éis an 15 Márta, 2013, i dtaca le haon uaireanta atá fágtha agus nár cnuasaíodh.**

**Scoileanna nuabhunaithe:**
Beidh leithdháileadh GAM/EAL scoileanna atá nuabhunaithe sa scoilbhliain 2013/14 (gan scoileanna cónasctha a áireamh) bunaithe ar a bpoist ranga príomhshrutha don scoilbhliain 2013/14.

**Scoileanna atá ag forbairt go tapa:**
Déanfar leithdháileadh GAM/EAL scoileanna atá ag forbairt go tapa (i.e. ceadaithe i gcomhair 2 phost forbraíochta nó níos mó don scoilbhliain 2013/14) a choigeartú don scoilbhliain 2013/14. Déanfar an leithdháileadh GAM/EAL do na scoileanna sin a choigeartú de réir mar is cuí chun an chéad phost forbraíochta a cheadaítear a chur i gcuntas.

Ba chóir do na scoileanna sin iarratas a dhéanamh ar a bpoist forbraíochta a luaithe is féidir chun a gcuid cnuas-socruithe GAM a éascú.

## 5. Cnuas-Socruithe do phoist GAM/EAL chomhroinnte

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna **nach féidir athrú a dhéanamh** ar chnuasach GAM/EAL tar éis é a bheith bunaithe **ach amháin más rud é**:

1) Go dtagann athrú ar na huaireanta GAM/EAL i gcás aon cheann de na scoileanna sa chnuasach i scoilbhliain ina dhiaidh sin, nó

2) Go gcomhaontaíonn na scoileanna go léir sa chnuasach le deireadh a chur leis an gcnuas-socrú.

Ní mór é sin a chur in iúl don Roinn faoin 31 Nollaig, 2013, maidir leis an scoilbhliain 2014/15.

**Foirm GAcnuasaithe2013**
Ní mór do scoileanna an Roinn a chur ar an eolas faoina gcnuas-socruithe nua d'uaireanta GAM/EAL don scoilbhliain 2013/2014 ar Fhoirm GAcnuasaithe2012 in **Aguisín D**. Ba chóir foirmeacha comhlánaithe a chur ar ais chuig Rannóg Leithdháiltí Bunscoileanna na Roinne a luaithe agus is féidir ach tráth nach déanaí ná deireadh gnó **Dé hAoine, an 15 Márta 2013**.

Déanfaidh an Roinn uaireanta GAM/EAL atá cnuasaithe ina bpoist lánaimseartha nua agus a fhaightear roimh an spriocam seo a cheadú go huathoibríoch. Maidir le scoileanna nach gcuireann an fhoirm chomhlánaithe ar ais laistigh den amscála thuas, nó i gcás nach ndéantar uaireanta iomlána GAM/EAL scoile a chnuasach ina bpoist lánaimseartha, déanfaidh an Roinn iad a phróiseáil ar leithligh níos deireanaí. Más gá agus más iomchuí, déanfaidh an Roinn an deis a thapú chun próiseas cnuasaithe a chur i bhfeidhm, faoi cheannas na Roinne, ar uaireanta GAM/EAL atá fágtha chun ath-imlonnú aon mhúinteoirí buana breise atá fágtha a éascú.

Is amhlaidh fós, mar gheall ar an amscála níos déanaí i gcomhair leithdháileadh uaireanta acmhainne ag an NCSE, nach gceadófar do scoileanna uaireanta GAM/EAL agus uaireanta atá ceadaithe ag NSCE a chomhcheangal ina bpoist lánaimseartha.

## 6. Leithdháileadh Breise do Scoileanna a bhfuil Líon Mór Daltaí acu a dteastaíonn Tacaíocht Teanga uathu

Déanfaidh scoileanna ar leithdháileadh post buan/poist bhuana tacaíochta teanga dóibh sa scoilbhliain 2012/13 an post/na poist sin a choimeád don scoilbhliain 2013/14. Tá na scoileanna iomchuí liostaithe in **Aguisín C** (Colún F).

Déanfaidh an Roinn athbhreithniú ar riachtanas leanúnach na bpost tacaíochta teanga buan breise thuas ar bhonn rialta agus treochtaí rollaithe agus líon na ndaltaí a dteastaíonn tacaíocht teanga uathu á gcur san áireamh.

<u>An Próiseas Achomhairc:</u>
Féach Cuid 4 chun teacht ar na critéir achomhairc maidir le post sealadach breise/poist shealadacha bhreise tacaíochta teanga a sholáthraítear ar bhonn achomharc chuig an mBord Achomhairc um Sholáthar Foirne.

Déanfar líon na bpost tacaíochta teanga atá ar fáil le leithdháileadh tríd an bpróiseas achomhairc a íoschoigeartú i gcomhréir leis na laghduithe a fógraíodh i mBuiséad 2010.

## 7. Poist Acmhainne

Rinneadh 85% de na huaireanta go léir a cheadaigh NCSE sa scoilbhliain 2012/13 a leithdháileadh chuig scoileanna ag a bhfuil poist acmhainne bunáite. Tá roinnt athruithe beaga ar shuíomh na bpost bunáite sin don scoilbhliain 2013/14 chun éifeachtúlacht na socruithe seo a fheabhsú tuilleadh.

Tá léiriú ar na hathruithe sin le fáil sa liosta a fhoilsítear in **Aguisín C** agus tá na critéir a cuireadh i bhfeidhm leagtha amach mar a leanas:

Cuirfear deireadh le post bunáite/poist bhunáite sna scoileanna seo a leanas:

- Scoileanna ag a bhfuil 2 uair an chloig nó níos mó de chumas breise sa phost acmhainne bunáite, ar uaireanta iad nár úsáideadh le haghaidh uaireanta acmhainne atá ceadaithe ag NCSE an 31 Nollaig, 2012, nó roimhe

- Scoileanna ag a bhfuil post bunáite atá ag soláthar 20 uair an chloig nó níos mó de mhúinteoireacht acmhainne do scoileanna in aice láimhe

Déanfar post bunáite breise/poist bhunáite bhreise a leithdháileadh chuig na scoileanna seo a leanas:

- Scoileanna nach bhfuil aon phost bunáite acu don scoilbhliain 2012/13 agus ag a bhfuil 25 uaire an chloig nó níos mó a bhí ceadaithe ag NCSE an 31 Nollaig 2012 nó roimhe

- Scoileanna ag a bhfuil post bunáite/poist bhunáite agus, freisin, ag a bhfuil 25 huaire an chloig nó níos mó de bhreis ar a gcuid uaireanta reatha poist bunáite, ar uaire iad a bhí ceadaithe ag NCSE an 31 Nollaig 2012 nó roimhe.

Fanfaidh na poist bhunáite go léir eile i bhfeidhm don scoilbhliain 2013/14.

Foilsítear liosta iomlán thart ar 1,700 scoil bhunáite in **Aguisín C** den Imlitir seo (Colún E). Ceanglófar ar scoileanna bunáite comhoibriú lena scoileanna comharsanacha chun a chinntiú go gcuirtear aon chumas breise sna poist acmhainne (25 huaire an chloig) ar fáil do scoileanna comharsanacha le freastal ar a riachtanais uaireanta acmhainne atá ceadaithe ag NCSE. Mura ndéanann siad seo d’fhéadfadh go n-athbhunófaí an post i scoil chomharsanach eile.

## 8. Socruithe Áitiúla maidir le Múinteoirí i bPoist Chomhroinnte

Mar gheall ar an amscála níos déanaí i gcomhair leithdháileadh uaireanta acmhainne ag an NCSE, **ní cheadófar do scoileanna uaireanta GAM/EAL agus uaireanta atá ceadaithe ag NSCE a chomhcheangal** ina bpoist lánaimseartha.

Nuair atá an próiseas ath-imlonnaithe agus leithdháilte críochnaithe níos déanaí sa Samhradh, tabharfar rogha éigin do scoileanna a chomhlíon na socruithe a bhfuil breac-chuntas orthu san Imlitir seo **a socruithe áitiúla sealadacha féin a fheidhmiú, nuair is féidir sin, maidir leis na socruithe oibre do mhúinteoirí i bpoist chomhroinnte lánaimseartha ó la go lá**. Is é is aidhm do na socruithe sin ná íoslaghdú a dhéanamh ar aon am a chailltear le linn a bheith ag taisteal idir scoileanna.

# Cuid 2

# Feabhsuithe ar Oibriú an Phróisis Ath-Imlonnaithe ar an Leibhéal Bunscoile

Tá na feabhsuithe seo a leanas á ndéanamh ar oibriú an phróisis ath-imlonnaithe atá ann ar an leibhéal bunscoile:

1) I gcás scoileanna ag a bhfuil folúntais, déanfar amscála níos soiléire a shainiú agus a fhoilsiú dóibh, ar amscála é ar lena linn a bheidh siad in ann idirghníomhú le painéil ath-imlonnaithe. Ina dhiaidh sin, ceapfar Oifigigh Phainéil chun ath-imlonnú aon mhúinteoirí buana breise a bheidh fágtha a éascú.

2) Déanfar an tsoiléire agus an trédhearcacht ar dá réir a oibríonn Oifigigh Phainéil a fheabhsú trí threoirlínte a fhoilsiú ina leith sin.

3) Déanfar an leabhrán láithreach ar ath-imlonnú a nuashonrú agus a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Roinne. Léireoidh an nuashonrú athruithe le blianta beaga anuas ar na nósanna imeachta a bhaineann le hath-imlonnú. Ina theannta sin, ba chóir go léireodh an nuashonrú giorrú áirithe ar amscálaí mar thoradh ar úsáid a bhaint as cumarsáid le ríomhphost.

## 1. An tAmscála atá foilsithe agus ar lena linn a bheidh Scoileanna ag idirghníomhú leis na Príomhphainéil Ath-Imlonnaithe

Ní mór próiseas ath-imlonnaithe múinteoirí buana breise/múinteoirí CID a chur i gcrích faoin **Aoine, an 31 Bealtaine, 2013**, agus is iad na scoileanna a bheidh i gceannas ar an bpróiseas sin. Ceapfar oifigigh phainéil tar éis an dáta sin. Cuirfear tús le próiseas na n-oifigeach painéil sa scoil lena ngabhann an phátrúnacht chéanna agus arb í an scoil í is gaire don scoil ina bhfuil an múinteoir breise.

## 2. Na Treoirlínte atá foilsithe i dtaobh conas a Oibríonn Oifigigh Phainéil

Maidir le ceapadh múinteoirí ó phainéil ath-imlonnaithe, is próiseas é a chuirfear i gcrích faoi cheannas scoile. Sna socruithe láithreacha i gcomhair painéal ath-imlonnaithe déantar foráil maidir le ceapadh Oifigigh Painéil chun déileáil le deacrachtaí a bhaineann le hoibriú painéil ath-imlonnaithe. Má oibríonn an próiseas ath-imlonnaithe go maith, ansin is beag an gá a bheidh ann le hOifigigh Phainéil.

Tá sé tábhachtach a lua go n-oibríonn an córas scoile agus na hOifigigh Phainéil i gcomhthéacs a fhágann go bhfuil ath-imlonnú na múinteoirí buana breise go léir rí-thábhachtach maidir le cumas na Roinne chun bainistíocht a dhéanamh de réir a bhuiséid párolla agus de réir na huasteorann ar an líon múinteoirí.

Déanfar na treoracha seo a leanas a eisiúint chuig Oifigigh Phainéil chun go mbeidh soiléire agus trédhearcacht níos mó ann i dtaca leis an bpróiseas a úsáidtear chun scoil a shainaithint i ndáil le múinteoir a ath-imlonnú chuici. Trí na treoracha sin a fhoilsiú, táthar ag súil go mbeidh níos mó cinnteachta agus soiléire ann do scoileanna i dtaobh conas a oibríonn próiseas na nOifigeach Painéil.

**(a) Treoracha d'Oifigigh Phainéil i ndáil le múinteoir buan breise a ath-imlonnú:**

**An Múinteoir**: Is é atá sa chéad chéim ná seiceáil a dhéanamh i dtaobh an é nó í an múinteoir atá ar an bpainéal an múinteoir is sóisearaí ina scoil féin. Más rud é nach é nó í an múinteoir is sóisearaí é nó í, déanfaidh an tOifigeach Painéil cinneadh i dtaobh ar tugadh ceadú an Phátrúin i ndáil leis an múinteoir iomchuí a chur ar an bpainéal ath-imlonnaithe.

**An Scoil**: Is é atá sa chéad chéim eile ná tús a chur leis an bpróiseas a ghabhann le scaoil a shainaithint chun ath-imlonnú múinteora a éascú. Cuirfear tús leis an bpróiseas sin sa scoil lena ngabhann an phátrúnacht chéanna agus arb í an scoil í is gaire don scoil ina bhfuil an múinteoir breise. Úsáidfear Córas Faisnéise Geografaí na Roinne (CFG) chun an scoil is gaire a shainaithint.

Déanfar scoileanna ag a bhfuil folúntas buan a bhreithniú ar dtús agus, ina dhiaidh sin, más gá, breithneofar scoileanna ag a bhfuil folúntas ar théarma seasta.

Rachaidh an tOifigeach Painéil i dteagmháil leis an oibreoir painéil agus leis an scoil i ndáil lena phróiseas/próiseas cinnteoireachta. Mar chuid den phróiseas sin, tabharfar deis don scoil aon fhaisnéis iomchuí a sholáthar don Oifigeach Painéil. Iarrfar ar an scoil an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar:

1. An ndearnadh fianaise i scríbhinn faoi na folúntais go léir a chur in iúl don oibreoir painéil laistigh den amscála a éilíodh?

   Rinneadh ☐

   Ní dhearnadh ☐

2. An líon folúntas a cuireadh in iúl don oibreoir painéil:

   Buan ☐

   Téarma seasta ☐

3. An líon tairiscintí a tugadh do mhúinteoirí buana ar an bPríomhphainéal ar mhodh tráthúil:

   An líon tairiscintí ☐

4. An líon folúntas a líonadh trí mhúinteoir buan a ath-imlonnú ón bPríomhphainéal:

   Buan ☐

   Téarma seasta ☐

5. An líon folúntas buan sa scoil sa dá scoilbhliain roimhe sin (2012/213 agus 2011/12) agus an

líon de na folúntais sin a líonadh le múinteoir buan ón bpríomhphainéal:

| | |
|---|---|
| An Líon Folúntas Buan | |
| An líon a líonadh ón bpríomhphainéal | |

Tar éis don Oifigeach Painéil an t-ábhar a bhreithniú, déanfaidh sé nó sí cinneadh i dtaobh ar chóir an múinteoir buan breise a ath-imlonnú chuig an scoil is gaire.

Má chinneann an tOifigeach Painéil go bhfuil cúiseanna bailí ann gan an múinteoir a ath-imlonnú chuig an scoil is gaire, ansin cuirfear tús leis an bpróiseas thuas sa chéad scoil eile is gaire etc. go dtí go ndéanfaidh an tOifigeach Painéil an scoil a shainaithint i gcomhair ath-imlonnú an mhúinteora.

Déanfar tuarascáil, conclúidí agus cinneadh an Oifigigh Painéil a chur in iúl don Phátrún agus beidh sé ina cheangal ar na páirtithe go léir.

**(b) Treoracha d'Oifigigh Phainéil i ndáil le múinteoir a ath-imlonnú ó phainéal forlíontach:**

Beidh na treoracha d'Oifigigh Phainéil mar an gcéanna leis na treoracha atá leagtha amach in (a) thuas ach amháin nach mbaineann an painéal forlíontach ach le folúntais bhuana.

## 3. An Leabhrán Painéil a Nuashonrú

Rinneadh an leabhrán painéil ath-imlonnaithe a nuashonrú den uair dheireanach sa bhliain 2005. Déanfar leagan nuashonraithe a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Roinne roimh fhoilsiú na bpainéal ath-imlonnaithe sa bhliain 2013. Ina theannta sin, léireoidh an nuashonrú giorrú áirithe ar amscálaí mar thoradh ar úsáid a bhaint as cumarsáid le ríomhphost. Mar chuid den phróiseas seo, rachfar i gcomhairle leis na comhpháirtithe iomchuí oideachais.

# Cuid 3

## 1. Cúlra maidir le Socruithe Foirne don scoilbhliain 2013/14

**(i) Tá sé tábhachtach do scoileanna a thabhairt ar aird nach féidir folúntais mhúinteoireachta buana agus ar théarma seasta a líonadh ach le múinteoirí buana nó múinteoirí a bhfuil CID acu ón bpríomhphainéal ath-imlonnaithe ábhartha.**

Ní cheadaítear do Bhoird Bhainistíochta tús a chur le próiseas earcaíochta chun folúntas múinteoireachta buan nó ar théarma seasta a líonadh ar aon bhealach eile go dtí go mbíonn an Roinn sásta nach dteastaíonn poist gan líonadh d'ath-imlonnú aon mhúinteoir buan atá fanta agus aon mhúinteoir fanta a bhfuil CID aige ar phríomhphainéal.

Braithfidh an t-am nuair is féidir folúntais mhúinteoireachta a líonadh ar aon bhealach eile ar cé chomh tapa is a ndéantar múinteoirí buana agus múinteoirí a bhfuil CID acu a ath-imlonnú i bhfolúntais. Foilseoidh an Roinn nuashonrú painéil rialta ar a láithreán gréasáin a chuirfidh scoileanna agus múinteoirí ar an eolas faoi dhul chun cinn atá á dhéanamh ar ath-imlonnú múinteoirí buana agus múinteoirí a bhfuil CID acu.

**(ii) Folúntas a choimeád oscailte**

Ní mór do scoileanna a dtugtar cead sealadach dóibh maidir le post múinteoireachta buan/poist mhúinteoireachta bhuana ar bhonn rolluithe teilgthe i Meán Fómhair 2013 folúntas amháin a choimeád oscailte (folúntas buan nó ar théarma seasta) chun freastal ar ath-imlonnú aon mhúinteoirí buana breise a eascraíonn níos déanaí in 2013 (sa scoil ina bhfuil an post ar tugadh cead sealadach dó nó i scoil eile in aice láimhe).

De ghnáth, baineann sin le scoileanna a bhfuil cead sealadach tugtha dóibh i leith

- post scoile forbraíochta
- post ar tugadh cead dó faoi na critéir achomhairc foirne do scoileanna beaga
- post a ceadaíodh faoin gcritéar achomharc foirne do thacaíocht EAL

Ní gá ach folúntas amháin i ngach ceann de na scoileanna seo a choimeád oscailte. Ní eascraíonn an gá le folúntas a choimeád oscailte sa chás go líontar gach folúntas buan agus ar théarma seasta sna scoileanna ábhartha ag múinteoirí buana breise ón bpainéal ath-imlonnaithe.

Ní féidir folúntas atá á choimeád oscailte a líonadh ar bhonn téarma seasta ach go dtí Dé hAoine 25 Deireadh Fómhair 2013. Chomh luath agus is féidir i mí Dheireadh Fómhair cuirfidh an Roinn in iúl don scoil/do na scoileanna cibé an bhfuil an folúntas sin de dhíth chun ath-imlonnú múinteora buain/muinteora a bhfuil CID aige/aici ón scoil sin nó ó scoil eile in aice láimhe a éascú.
Má theastaíonn an post chun múinteoir buan/múinteoir a bhfuil CID aige/aici a ath-imlonnú ní mór go dtiocfaidh deireadh leis an gconradh téarma seasta an 25ú Deireadh Fómhair 2013. Mura dteastaíonn an post chun múinteoir buan breise a

ath-imlonnú is féidir é a líonadh ansin ar an ngnáthbhealach. Tá sé tábhachtach go léireofar na socruithe sin sa chonradh don post téarma seasta.

(iii) **An chéad lá oibre de mhí na Samhna 2013 an dáta deiridh le post buan a líonadh ar bhonn buan (agus de réir théarmaí an chiorcláin seo)**. Ina dhiaidh sin, ní féidir post buan a líonadh ach ar bhonn téarma seasta (agus de réir théarmaí an chiorcláin seo) ach amháin más múinteoir buan/múinteoir a bhfuil CID aige/aici ó phainéal ath-imlonnaithe an té a cheapfar. Ní bhaineann na socruithe sin le poist Phríomhoide, a leanfar á líonadh ar an ngnáthbhealach ar bhonn buan.

## 2. Dáta Scoir a chur in iúl d'Údaráis Scoile

Ba chóir do bhaill foirne múinteoireachta a bhfuil sé i gceist acu dul ar scor in 2013 é sin a chur in iúl dá mbord bainistíochta chomh luath agus is féidir. Ina theannta sin, iarrtar ar mhúinteoir a shásaíonn na tairseacha aoise agus seirbhíse maidir le pinsean, iarratas ar phinsean a dhéanamh chuig Aonad Pinsean na Roinne trí mhí roimh an dáta scoir (gan saoire an tsamhraidh san áireamh) d'fhonn íocaíocht tráthúil an phinsin a éascú.

Dírítear aird ar Imlitir 0045/2011 **Íosthréimhse Fógra Chun Dul ar Scor** ina leagtar amach íosthréimhse trí mhí mar fhógra chun dul ar scor a tugadh isteach don tSeirbhís Phoiblí.

## 3. Rolluithe Bailí

Déanfar líon na múinteoirí ranga príomhshrutha is cuí do scoil a chinneadh trí thagairt do rollú bailí na scoile ar 30 Meán Fómhair 2012. Tá an sceideal rollaithe daltaí a theastaíonn do cheapadh agus do choinneáil múinteoirí ranga príomhshrutha don scoilbhliain 2013/2014 ag dul leis seo in **Aguisín A**.

Ní féidir ach daltaí a iontráladh go **bailí** ar an rolla an 30 Meán Fómhair 2012 a ghlacadh san áireamh chun críocha líon foirne a chinneadh. Chuige seo ní mór cloí le téarmaí na nImlitreacha Roinne 24/02 – **Cinneadh Rollú Bailí i mBunscoileanna** agus 32/03 – **Coinneáil Daltaí i mBunscoileanna**. **Ní chóir daltaí a choinnítear ar an gclár scoile ar 30 Meán Fómhair, 2011 d'fhonn an tAcht Oideachais agus Leasa, 2000 a chomhlíonadh, a chomhaireamh i leith rollaithe bailí d'fhonn an líon foirne a chinneadh.**

Cuirtear i gcuimhne do Bhoird Bhainistíochta agus do Phríomhoidí an tábhacht a bhaineann le beachtas tuairisceán rollaithe don Roinn a chinntiú. Tá freagracht orthu an Roinn a chur ar an eolas láithreach faoi aon earráid nó mírialtacht ina dtuairisceáin rollaithe. Is é gnáthpholasaí na Roinne maidir le cásanna ina ndéantar rolluithe a rólua d'aonghnó ná iad a chur ar aghaidh chuig an Garda Síochána.

## 4. An 1ú Múinteoir Príomhshrutha a Cheapadh i scoileanna nua

20 dalta an rollú a theastaíonn don scoilbhliain 2013/14 chun Príomhoide agus 1 múinteoir príomhshrutha a cheapadh chuig scoil a osclóidh i Meán Fómhair 2013. Ní mór an rollú sin a bhaint amach faoin 30 Meán Fómhair 2013.

## 5. Scoileanna ar Oileán

Sa chás go bhfágfadh laghdú ar an líon dalta i scoil ar oileán go gcaillfí an dara nó an tríú post múinteoireachta príomhshrutha sa scoil, féadtar na poist a choinneáil, faoi réir ag:

- i gcás an dara post príomhshrutha go bhfuil líon iomlán na ndaltaí sa scoil ag 8 nó os a chionn agus an scoil mar an t-aon bhunscoil amháin fanta ar an oileán

nó

- i gás an tríú post príomhshrutha go bhfuil líon iomlán na ndaltaí sa scoil ag 45 nó os a chionn.

# Cuid 4

# An Bord Achomharc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal

## 1. Socruithe don Scoilbhliain 2013/14

Déanfaidh an Bord Achomharc, a fheidhmíonn neamhspleách ar an Aire agus ar an Roinn, achomhairc don scoilbhliain 2013/14 a bhreithniú. Tá na critéir achomhairc leagtha amach ag **4** thíos.

Tá sé beartaithe go dtionólfar an chéad chruinniú den Bhord Achomharc Foirne chun déileáil le hachomhairc don scoilbhliain 2013/14 i Márta, 2013. Tionólfar a thuilleadh cruinnithe de réir mar a theastaíonn sa Mheitheamh agus i nDeireadh Fómhair 2013.

**Dé hAoine, 15ú Márta 2013** an dáta deiridh d'achomhairc foirne a chur isteach don chruinniú tosaigh den Bhord Achomharc Foirne.

Cuirfear na dátaí deiridh d'achomharc foirne a chur isteach agus dátaí do chruinnithe amach anseo ar láithreán gréasáin na Roinne in am trátha.

**Tabhair ar aird le bhur dtoil go gcloífear go docht le dátaí deiridh, agus dá réir, ní bhreithneoidh an Bord achomhairc a fhaightear tar éis dáta deiridh ar leith ag an gcruinniú sin.**

Ní mór achomhairc a chur isteach chuig an Rannóg Leithdháilte Bunscoile, Rannán na Scoileanna, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Baile Átha Luain, ar an bhfoirm iarratais chaighdeánach, a rá go soiléir na critéir faoina bhfuil an t-achomharc á dhéanamh. Cuir "Achomharc Foirne" ar an gclúdach le bhur dtoil.

Tá an fhoirm iarratais chaighdeánach ar fáil in **Aguisín F**.

Cuirfear stádas DEIS scoile san áireamh in aon iarratas achomhairc.

## 2. Ombudsman

I bhfianaise na leasuithe ar an Acht Ombudsman, féadfaidh aon scoil a mheasann nár chuir an Bord Achomharc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal na critéir achomharc i bhfeidhm go cóir san achomharc, gearán a chur ar aghaidh chuig an Ombudsman.

Is é ról an Ombudsman i ndáil le hachomharc ar bith breithniú a dhéanamh ar cibé ar dhéileáil an Bord Achomhairc leis go cóir agus de réir na gcritéar achomhairc. Ní áit é do scoileanna le breis acmhainní a lorg, mar sin.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hoifig an Ombudsman **anseo**.

## 3. Ní cheadaítear do Bord Bainistíochta ach achomharc amháin a dhéanamh i gcás faoi leith

Áireofar gur cinneadh deiridh é breithniú an Bhoird Achomhairc maidir leis an bpost (na poist) agus ní bhreithneofar aon achomharc eile i leith na scoilbhliana 2013/14.

## 4. Critéir Achomhairc

Féadfaidh an Bord Achomhairc a chinneadh go bhfuil sé riachtanach imeacht ón sceideal soláthair foirne sna cúinsí a bhfuil cur síos orthu in (a) go (f) thíos

**a) Deacrachtaí eisceachtúla maidir le cóiríocht:**

Sa chás go mbíonn údar le himeacht ón sceideal foirne chun freastal ar dheacrachtaí eisceachtúla maidir le cóiríocht mar shampla scoileanna ag oibriú ar shuíomh deighilte ar feadh tréimhse tar éis cónasctha nó sula gcuirtear foirgneamh buan ar fáil. Caithfidh an scoil a léiriú chun sástacht an Bhoird an fáth go bhfuil údar le post múinteoireachta breise chun freastal ar an ndeacracht eisceachtúil maidir le cóiríocht.

**b) Rollú Dheireadh Fómhair 2012:**

I gcás go bhfuil an Bord Achomhairc sásta, ar bhonn fianaise infhíoraithe, go raibh an líon riachtanach daltaí rollaithe i Meán Fómhair* nó Deireadh Fómhair 2012, ach de bharr cúinsí nach raibh neart ag an scoil orthu nár cláraíodh iad an 30 Meán Fómhair, 2012. Ach, chun críocha foirne, ní féidir dalta a bheith san áireamh ach i rollú scoile amháin in aon scoilbhliain.**

*Ní bheidh dalta a fhágann an scoil roimh an 30 Meán Fómhair agus nach bhfilleann ar an scoil sa scoilbhliain incháilithe lena bhreithniú faoin gcritéar seo.

**Sa chás gur féidir leis an scoil ina raibh an dalta rollaithe an 30 Meán Fómhair a fhíorú nár ghá an dalta a chomhaireamh i leith mhúinteoir a cheapadh nó a choinneáil sa scoil sin, breithneoidh an Bord Achomhairc ceadú a thabhairt an dalta a chomhaireamh mar chuid den rollú chun críocha foirnithe sa scoil ar aistrigh sé/sí chuici.

**c) Critéar scoile atá i mbéal forbartha:**

I gcás go measann an Bord Achomhairc maidir le deonú poist faoin gcritéar scoile atá i mbéal forbartha:

- go raibh an líon daltaí réamh-mheasta a theastaigh leis an bpost a choinneáil, rollaithe nó ar dhócha iad a bheith rollaithe faoi Nollaig, 2013, ach de bharr cúinsí nach raibh neart ag an scoil orthu, nár rolladh iad mar a raibh súil leis an 30 Meán Fómhair, 2013. Déanfar post a leithdháileann an Bord Achomhairc faoin gcritéar seo a cheadú ar bhonn sealadach faoi réir daingniú gur baineadh an rollú riachtanach amach roimh 31 Nollaig 2013.
  Mar atá le (b) thuas, chun críche soláthair foirne, ní féidir dalta a bheith san áireamh ach i rollú scoile amháin in aon scoilbhliain.

**d) Tacaíocht EAL:**

I gcás go mbíonn an Bord Achomhairc sásta, tar éis dó na cúinsí a leag scoil amach a mheas ina bhfuil 20% ar a laghad dá rollú iomlán comhdhéanta de dhaltaí a dteastaíonn tacaíocht EAL uathu (daltaí le níos lú ná inniúlacht B1 (Leibhéal 3) agus ag féachaint don líon ard daltaí a dteastaíonn tacaíocht EAL uathu, d'fhéadfadh sé go gceadófaí post breise (nó poist bhreise) ar bhonn sealadach chun tacú le riachtanais oideachasúla daltaí dá leithéid. Ba chóir do scoileanna a thabhairt ar aird go mbeidh cinntí a dhéanann an Bord bunaithe ar rolluithe teilgthe daltaí EAL faoi réir ag athbhreithniú tar éis 30 Meán Fómhair, 2013. Féadfar an cinneadh sin a athdhéanamh i gcás nach dtiocfaidh na rolluithe teilgthe i gcrích.

**e) Scoileanna Beaga:**

I gcás go gcuireann scoil a bhfuil ceathrar múinteoir ranga nó níos lú aici atá ag cailleadh post ranga príomhshrutha don scoilbhliain 2013/14 de thoradh bhearta an Bhuiséid 2012, fianaise thacaithe ar fáil go dtiocfaidh méadú leordhóthanach ar a rolluithe faoin 30 Meán Fómhair, 2013 leis an bpost a choinneáil don scoilbhliain ina dhiaidh sin (2014/15), féadfaidh an Bord Achomhairc a cheadú don scoil an post príomhshrutha a choinneáil. Tá na tairseacha ábhartha leagtha amach in **Aguisín A**.

Mar shampla, le go bhfanfaidh scoil ina scoil a bhfuil 2 múinteoir ranga aici, ní mór di fianaise thacaithe a chur ar fáil go mbeidh 20 dalta ar a laghad ar a rolla an 30 Meán Fómhair 2013. Ba chóir do scoileanna an tslí a gcoimeádfar an méadú ar an rolla san fhadtéarma a léiriú.

nó

I gcás go dteipeann ar scoil a bhfuil 4 múinteoir ranga nó níos lú aici post breise a fháil mar thoradh ar chur i bhfeidhm bhearta an Bhuiséid 2012, agus

- má theilgeann an scoil gnáthmhéid ranga níos mó ná an meánmhéid ginearálta de 28:1 don scoilbhliain 2013/14 agus
- más féidir léi fianaise a chur ar fáil go bhfaighidh sí an post breise don chéad scoilbhliain eile (2014/15),

féadfaidh an Bord Achomhairc a cheadú don scoil post a fháil don scoilbhliain 2013/14.

**f) 3 phost múinteoireachta nó níos mó á gcailleadh ag scoileanna:**

I gcás go bhfuil scoil ag cailleadh 3 post nó níos mó, is féidir iarratas a dhéanamh leis an mBord Achomharc Foirne le súil agus iarracht a dhéanamh cuid den chaillteanas i bpoist a iarchur go dtí an scoilbhliain 2014/15 ar an mbunús go bhfuil fíor-dhrochthionchar á imirt aige ar leithdháileadh iomlán scoile.